AN tSEIRBHÍS UM FHORBAIRT GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ (SFGM)

Comhairleoir i gComhair do Staidéir Chlasaiceacha

Sainchuntas Poist agus Nótaí Ginearálta

1. Forléargas

Seirbhís tacaíochta trasearnála is ea An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST) atá faoi shainchúram na Rannóige um Oideachas Múinteoirí (TES) sa Roinn Oideachais agus Scileanna (DES) agus soláthraíonn sí tacaíocht maidir forbairt ghairmiúil do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile agus do cheannairí scoile. Cuireann obair an PDST le feabhsú scoile trí Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD) a sholáthar i dtaca le ceisteanna curaclaim agus oideachais, agus cothaíonn sí cleachtas machnamhach agus foghlaim ghairmiúil i measc múinteoirí agus ceannairí scoile.

Is iad seo a leanas na réimsí tosaíochta do na blianta seo amach romhainn:

- Litearthacht
- Uimhearthacht
- Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (STEM)
- Teicneolaíochtaí Digiteacha a leabú sa Teagasc agus san Fhoghlaim ag teacht le Straitéis Dhigiteach DES do Scoileanna
- Féinmheastóireacht Scoile (FMS)
- Sláinte agus Folláine
- Ceannaireacht Scoile
- Ábhair agus Cláir na hIar-bhunscoile

Cuireann comhairleoirí forbairt ghairmiúil agus tacaíocht áitiúil, réigiúnach, agus náisiúnta ar fáil do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile i réimsí tosaíochta san oideachas.

Tá an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí ag cur painéal comhairleoirí do Staidéir Chlasaiceacha ar bun óna bhféadfar poist a líonadh.

Is é an spriocdháta d'iarratais ná Luain 21 Mean Fomhair 2020 ar 5i.i.n

2. Cur-síos ar an bPost

De ghnáth, beidh réimse de na tascanna seo a leanas á gcur i gcrích ag an gComhairleoir:

- Forbairt ghairmiúil leanúnach a sheachadadh agus a éascú a bhaineann le tosaíochtaí náisiúnta do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile i réimse suíomhanna lena n-áirítear: seimineáir náisiúnta, ceardlanna tráthnóna, iar-bhunscoileanna, cruinnithe braisle éascaithe, pobail chleachtais, líonraí gairmiúla múinteoirí agus tacaíocht ar líne
- Oibriú le múinteoirí agus le ceannairí scoile chun eiseamláirí de straitéisí, cuir chuige agus modheolaíochtaí éifeachtacha teagaisc agus foghlama a chur chun cinn agus a léiriú thar raon de réimsí curaclaim
- Tacú le neadú na dTeicneolaíochtaí Digiteacha sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú
- Foghlaim phearsantaithe a éascú agus tacú le cuir chuige uileghabhálacha i leith an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe
- Comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile maidir le feabhsúchán scoile, féinmheastóireacht scoile agus cur i bhfeidhm an phlean feabhsúcháin scoile
- Cur le dearadh agus le hullmhú ábhar acmhainní d'fhorbairt ghairmiúil agus tacaíocht
- Cur le cothabháil agus forbairt na tacaíochta atá ann cheana féin bunaithe ar an ngréasán
- Tacaíocht forbartha gairmiúla spriocdhírithe a sholáthar, de réir mar is gá, tar éis meastóireachtaí scoile uile
- Tacaíocht a sholáthar do scoileanna maidir le gnéithe d'Alt 24 den Acht Oideachais 1998
- Comhoibriú, idirchaidreamh agus cumarsáid éifeachtach a chothabháil leis an stiúrthóir náisiúnta, leis na leas-stiúrthóirí agus leis na ceannairí foirne agus páirt a ghlacadh i gcruinnithe na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí agus in imeachtaí foirne
- Taifid a choinneáil ar gach gníomhaíocht oibre agus tuarascálacha rialta a sholáthar do cheannairí foirne ábhartha maidir le tacaíocht forbartha gairmiúla leanúnaí a chuirtear ar fáil do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile
- Comhoibriú le daoine agus aithne a chur ar dhaoine agus comhoibriú le comhlachtaí ábhartha eile de réir mar is gá (e.g. Líonraí Gairmiúla Múinteoirí/Pobail Foghlama, Institiúidí Tríú Leibhéal, Coláistí Oideachais, cigireacht ROS) d'fhonn freastal ar riachtanais na múinteoirí
- Comhoibriú le pearsanra i seirbhísí tacaíochta eile (amhail an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí, an Clár Ionduchtúcháin Náisiúnta do Mhúinteoirí etc.)
- Oibriú i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí agus le comhlachtaí bainistíochta ábhartha (CSL, IPPN) de réir mar is cuí
- Oibriú i gcomhpháirtíocht le stiúrthóirí ionaid oideachais ar thionscadail chomhoibritheacha agus ar thionscnaimh áitiúla
- Idirchaidreamh agus comhoibriú le baill eile den fhoireann, oiliúnóirí comhlacha agus éascaitheoirí áitiúla, de réir mar is gá, chun comhtháthú agus comhsheasmhacht i seachadadh seirbhíse a chinntiú agus chun pearsanra páirtaimseartha a oiliúint agus a shlógadh de réir mar is gá
- Comhoibriú le meastóirí seachtracha na seirbhíse

Féadfaidh freagrachtaí an Chomhairleora a bheith éagsúil de réir riachtanais agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus de réir mar a shannann an Stiúrthóir Náisiúnta iad.

3. An réimse eolais, taithí agus scileanna a bheidh riachtanach:

Ba mhaith an rud é saineolas fairsing a bheith ag an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi ar na réimsí seo a leanas:

- Eolas críochnúil ar an gcóras oideachais go ginearálta
- Eolas agus tuiscint ar an ábhar/réimse a bhfuil tú ag déanamh iarratais air
- Tuiscint chríochnúil ar na comhpháirteanna lárnacha den teagasc agus den fhoghlaim éifeachtach, lena n-áirítear measúnú ar an bhfoghlaim agus ar mhaithe le foghlaim, modheolaíochtaí gníomhacha teagaisc agus foghlama, comhtháthú curaclaim agus cur chun cinn scileanna smaointeoireachta ardoird
- Tuiscint chríochnúil ar leabú éifeachtach na dTeicneolaíochtaí Digiteacha sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú
- Eolas agus taithí ar litearthacht, uimhearthacht, riachtanais speisialta oideachais, Béarla mar Theanga Bhreise, DEIS, ceannaireacht agus pleanáil
- Eolas agus tuiscint ar phróiseas na féinmheastóireachta scoile
- Tuiscint ar riachtanais reachtaíochta eile do scoileanna (lena n-áirítear Alt 24 den Acht Oideachais 1998)
- Cumas tacú le feabhsú scoile uile
- Cumas chun oibriú go neamhspleách agus mar bhall d'fhoireann
- Scileanna maithe idirphearsanta, cumarsáide, éascaithe agus cur i láthair
- Cumas chun oibriú i réimsí sonracha agus cineálacha tacaíochta
- Cumas chun obair daoine eile a eagrú agus a chomhordú go réamhghníomhach
- Sárscileanna eagraíochtúla, bainistíochta agus sna Teicneolaíochtaí Digiteacha
- Cur chuige fiontraíoch maidir le tascanna agus an cumas tabhairt faoi ghnéithe nuálacha agus dúshlánacha na hoibre
- Tuiscint ar an ról a bhaineann le taighde mar bhonn eolais don bharrchleachtas
- Beidh taithí ar theagasc trí Ghaeilge, líofacht sa teanga agus bheith toilteanach oibriú trí mheán na Gaeilge ina bhuntáiste don phost seo ach níl sé riachtanach

Gné ríthábhachtach den ról is ea an tsolúbthacht chun freastal ar riachtanais na heagraíochta, agus dá bhrí sin beidh sé riachtanach go mbeifear toilteanach taisteal agus/nó obair thráthnóna a dhéanamh de réir mar a bheidh réasúnta agus riachtanach chun na dualgais a chomhlíonadh mar is ceart faoi réir na dteorainneacha arna leagan síos ag an Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997.

4. **Láthair**
   - Déanfar na hiarrthóirí a n-éiríonn leo a thabhairt ar iasacht d'Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar agus tuairisceoidh siad d'fhoireann bhainistíochta an PDST
   - Ní éileofar go mbeidh an Comhairleoir bunaithe in Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar. Mar sin féin, beidh air/uirthi taisteal chuige agus chuig áiteanna eile de réir mar is gá
   - Beidh sé riachtanach go mbeadh a modh taistil féin ag an iarrthóir a n-éiríonn leis/léi chomh maith le ceadúnas iomlán tiomána a shealbhú agus a choinneáil
   - Beidh feidhm ag rátaí taistil agus cothabhála na seirbhíse poiblí agus déanfar iad a ríomh ó d'Ionad Oideachais áitiúil ainmnithe, nó ó do bhaile, de réir mar is cuí

5. **Incháilitheacht**
   - Is ceadmhach do gach múinteoir cáilithe a bhfuil post aitheanta i scoil aitheanta aige nó aici cur isteach ar an bpost seo
   - Beidh poist ar iasacht i gcomhréir le téarmaí Chiorclán DES maidir le hIasacht – 0029/2018 faoi láthair
   - Déanfar na hiarrthóirí a n-éireoidh leo a cheapadh ar bhonn iasachta ar feadh scoilbhliain amháin, faoi réir tréimse phromhaidh trí mhí a chríochnú go sásúil
   - Tá an iasacht faoi réir athbhreithniú agus athnuachan bliantúil agus faoi réir ceadú bliantúil ó údarás/Bhord Bainistíochta na scoile agus ó DES

   Ceadú ón Roinn Oideachais agus Scileanna
   - Tá gach ceapachán faoi réir cheadú DES
   - Ní dhéanfar aon tairiscint chinntitheach ar phost sula dtabharfar ceadú

   Conradh
   - Beidh ar gach iarrthóir a n-éiríonn leis/léi conradh iasachta a shíniú, ar conradh é ina ndéanfar foráil do phróiseas leanúnach feidhmíochta agus forbartha

   Eile
   - Déanfar gach ceapachán ar an gcoinníoll go gcuirfidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi fianaise ar Imréiteach an Gharda Síochána agus fianaise ar thuairisc shásúil faoi shaoire bhreoiteachta ar fáil d'Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar
   - Tá gach ceapachán faoi réir teistiméireachtaí sásúla a chur ar fáil, lena n-áirítear teistiméireacht ó fhostóir
   - reatha an iarratasóra
   - Coimeádann Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar, i gcomhairle leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, an ceart chuige féin an post a fhógairt arís más rud é go measann sé nach bhfuil dóthain iarratasóirí incháilithe ann. Cuirfear é sin in iúl d'iarratasóirí incháilithe agus beidh sé de rogha acu a n-iarratas a choinneáil ar chomhad
   - Beidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi ag obair go heisiach d'Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar agus ní fhéadfaidh sé/sí aon fhostaíocht eile a bheith aige/aici ar feadh thréimhse an chonartha gan an cead cuí a fháil

6. Tuarastal

Tá an tuarastal i gcomhair Comhairleoir ar iasacht i gcomhréir le Catagóir 4 amhail dá bhforáiltear i nDámhachtain Eadrána 2003 maidir le múinteoirí ar iasacht faoi réir na gcoinníollacha bhfuil breac-chuntas orthu thíos.

Tá an luach saothair faoi réir pholasaithe agus rialacháin ábhartha DES nó na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gach uile thráth. Beidh feidhm ag Ciorcláin Reatha Phá na Roinne Oideachais agus Scileanna – is é Ciorclán 0041/2019 an ciorclán reatha.

Tá comhairleoir (a tháinig isteach sa mhúinteoireacht roimh 2011) i dteideal na nithe seo a leanas:

- A p(h)ointe ábhartha ar Bhunscála Comónta na Múinteoirí, **móide**
- Liúntas um bunchéim onóracha
- Liúntas um Ard-Teastas Oideachais onóracha
- An liúntas iasachta caighdeánach Catagóir 4, atá inphinsin (féach an tábla thíos)

Catagóir Ar Iasacht	Post	Bunscála Comónta na Múinteoirí	Liúntas um Chéim Onóracha	Liúntas um ATO Onóracha	Liúntas Iasachta Caighdeánach
4	**Comhairleoir**	Mar a bhaineann le hábhar	€4,918 pa	€1,236 pa	€10,130 pa

Tá comhairleoir (a tháinig isteach sa mhúinteoireacht i ndiaidh 1 Eanáir 2011 agus roimh 1 Feabhra 2012) i dteideal na nithe seo a leanas:

- A p(h)ointe ábhartha ar Bhunscála Comónta na Múinteoirí, móide
- Liúntas um Ard-Teastas Oideachais onóracha má tá a leithéid de liúntas ag an múinteoir cheana Féin
- An liúntas iasachta caighdeánach Catagóir 4, atá inphinsin (féach an tábla thíos)

Catagóir ar Iasacht	Post	Bunscála Comónta na Múinteoirí	Liúntas do ATO Onóracha	Liúntas Iasachta Caighdeánach
4	**Comhairleoir**	Mar a bhaineann le hábhar	€1,236 pa	€10,130 pa

Tá comhairleoir (a tháinig isteach sa mhúinteoireacht i ndiaidh 1 Feabhra 2012) i dteideal na nithe seo a leanas:

- A p(h)ointe ábhartha ar Bhunscála Comónta na Múinteoirí, móide
- An liúntas iasachta caighdeánach Catagóir 4, atá inphinsin (féach tábla thíos)

Catagóir ar Iasacht	Post	Bunscála Comónta na Múinteoirí	Liúntas Iasachta Caighdeánach
4	**Comhairleoir**	Mar a bhaineann le hábhar	€10,130 pa

Ní íocfar na liúntais bhreise go léir do cháilíochtaí agus do phoist freagrachta le foireann ar iasacht atá ag fáil na liúntas iasachta thuasluaite.

Tá an liúntas iasachta iníoctha fad agus atáthar ar iasacht agus ní choinneofar é in aon cháil níos faide ná an tréimhse iasachta.

7. Gnás Roghnúcháin

- Ba cheart foirmeacha iarratais a chur isteach mar cheangaltán ríomhphoist chuig recruitment@pdst.ie faoin Luain 21 Mean Fomhair ar 5i.i.n.
- Déanfar an roghnúchán trí agallamh iomaíoch
- Ní chuirfear iarratais dhéanacha san áireamh
- Bunófar coiste roghnúcháin chun gach gné den phróiseas roghnúcháin a chur i gcrích
- Féadfar gearrliosta a dhéanamh
- Tá sé de fhreagracht ar iarrthóirí iad féin a chur ar fáil d'agallamh ar an dáta atá ceaptha, má thugtar cuireadh dóibh a bheith i láthair. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go mb'fhéidir nach mbeifear in ann dáta eile a thabhairt
- Iarrfar orthu siúd a ghlaofar chuig agallamh cur i láthair 5 nóiméad a dhéanamh chuig an bpainéal agallaimh ag díriú ar fhís an iarrthóra don phost agus an méid a d'fhéadfadh sé/sí a dhéanamh chun leasa na forbartha gairmiúla do mhúinteoirí laistigh den PDST
- Beidh an t-agallamh seo bunaithe ar inniúlacht ag teacht leis na scileanna a dtugtar breac-chuntas orthu i gCuid 3 den sainchuntas poist thuas
- Féadfar painéal a bhunú ónar féidir folúntais amach anseo a líonadh
- Dícháileofar iarratais má dhéantar stocaireacht go díreach nó go neamhdhíreach
- Beidh na hiarrthóirí freagrach as na costais go léir a tabhaíodh maidir lena n-iarratas agus leis an agallamh

8. Scaoileadh ón bPost Reatha

- Is faoi iarrthóirí a n-éiríonn leo a bheidh sé comhaontú a fháil óna n-údaráis scoile lena scaoileadh chun post a ghlacadh don tréimhse atá i gceist
- Beifear ag súil go mbeidh na hiarrthóirí a n-éiríonn leo ar fáil don cheapachán a luaithe agus is féidir. Beidh sé riachtanach deimhniú scaoilte a fháil ó d'fhostóir. Nuair a fhaightear tairiscint iarrfar ar an iarrthóir a n-éiríonn leis/léi deimhniú a lorg láithreach óna f(h)ostóir go mbeidh an fostóir toilteanach an t-iarrthóir ar éirigh leis/léi a scaoileadh de réir na foirme iarratais atá ceangailte le ciorclán iasachta 29/2018 lena n-éilítear go síneodh Príomhoide na Scoile agus Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta/an Príomhfheidhmeananch (BOO amháin) cuid 3 den fhoirm iarratais

9. Ceisteanna

Ba cheart aon cheisteanna maidir leis an doiciméad seo a sheoladh ar ríomhphost chuig recruitment@pdst.ie